# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2015

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Bonnleibhéal

## Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

**1)** Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gcomhdháil mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gcomhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2)** Ní mór don scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3)** Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gcomhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4)** Ní ceart don scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5)** Dírítear aird an scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach **6** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta faofa dóibh.

**CLUASTUISCINT(40marc)**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

### Treoracha

**1)** Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d’réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

**2)** Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir **amháin** a roghnú i ngach cás.

**3)** Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

40

# ROINN I – CLUASTUISCINT: 40 MARC

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1., Ceist 3., Ceist 4., Ceist 5.**, **Ceist 6.:** (**a**) *agus* (**b**) an ceann, = (4 + 3) x 5 = **35 mharc**
- **Ceist 2.** tá pointe **amháin** eolais á lorg: = **5 mharc**

Iomlán do Roinn I (C.T.) = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

# ROINN II – LÉAMHTHUISCINT: 120 MARC

30

## Ceist 1. (30 marc)

= 5 mharc x 6 **= 30 marc**

Iomlán do **Cheist 1**. **= 30 marc**

40

## Ceist 2. (40 marc)

Tá **6 cheist** san áireamh anseo.

- **Ceist 1., Ceist 2., Ceist 3., Ceist 4., Ceist 5**. = 7 marc x 5 = **35 marc**
- **Ceist 6**.: tá **dhá** phointe eolais á lorg: = 3 + 2 = **5 mharc**

Iomlán do **Cheist 2**. = 35 mharc + 5 mharc **= 40 marc**

50

## Ceist 3. (50 marc)

**(a)** **C.1.**(15) + **C.2**.(5) + **C.3**.(5) = **25 mharc**
**(b)** **C.1.**(15) + **C.2**.(5) + **C.3**.(5) = **25 mharc**

Iomlán do **Cheist 3**. = (**a**) 25 + (**b**) 25 = **50 marc**

# ROINN III – CEAPADÓIREACHT: 80 MARC

25

## Ceist 4. (25 mharc)

**An Tasc –** Cárta Poist a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach:** **(8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)** **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** = **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

<u>Iomlán do **Cheist 4** = **25 mharc**</u>

25

## Ceist 5. (25 mharc)

**An Tasc –**Freagra a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Freagra a scríobh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil freagra ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**.

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** = **4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

<u>Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**</u>

30

## Ceist 6. (30 marc) (a) *nó* (b):

(a) **An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

| | |
|---|---|
| **i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) | **= 20 marc** |
| **ii) Cumas Cumarsáide** | **= 5 mharc** |
| **iii) Cruinneas Gaeilge** | **= 5 mharc** |
| | Iomlán do **Cheist 6 (a) = 30 marc** |

*NÓ*

(b) **An Tasc –** Foirm Iarratais a chomhlánú

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

| | | |
|---|---|---|
| **i) An t-Eolas Cuí** | (9 x 2 mharc) **=** 18 + (7 x 1 mharc) | **= 25 mharc** |
| **ii) Cruinneas Gaeilge** | | **= 5 mharc** |
| | | Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc** |

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

2) Iarrthóirí a **d'úsáid:**
   - scríobhaí
   - téipthaifeadán
   - próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar '**drochlitriú'** ná 'ar **easpa cruinneas gramadaí'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Chluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó:

**Ceisteanna 4, 5 agus 6.**

**Gaeilge: 5 mharc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

**1 → 2**; **2 / 3 → 4**; **4 / 5→ 5**.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach**, taobh **amuigh.**

## Téacs don Chluastuiscint

**Ceist 1.**

Nóra Ní Riain is ainm dom. Tá mé cúig bliana déag d'aois. Tá mé i mo chónaí i gCill Chainnigh. Tá cúigear i mo theaghlach, m'athair, mo mháthair, mo dheartháir, Rónán, mo dheirfiúr, Aoife, agus mé féin. Tá peata madra agam. Rex is ainm dó. Tá sé an-chairdiúil agus téim ag siúl leis gach lá.

**Ceist 2.**

Fear: Dia duit. Cá bhfuil an leabharlann, le do thoil?

Bean: An leabharlann? Ó, sea. Siúil suas an tsráid seo go dtí na soilse tráchta. Cas ar dheis ansin. Lean ar aghaidh go dtí go dtagann tú go dtí an banc. Tá an leabharlann suite ansin díreach ar an taobh thall den bhanc. Feicfidh tú na leabhair san fhuinneog.

Fear: Go raibh míle maith agat.

Bean: Ná habair é.

**Ceist 3.**

Agus anois an aimsir. Beidh gálaí gaoithe ag séideadh isteach ón deisceart anocht. Beidh sé stoirmiúil maidin amárach. Beidh sé geal tirim ar fud na tíre tráthnóna. Beidh an teocht thart ar dhá chéim déag Celsius. Tiocfaidh báisteach throm isteach ón iarthar oíche amárach agus scaipfidh sí trasna na tíre.

**Ceist 4.**

Dé hAoine seo caite bhí dioscó mór ar siúl i halla na scoile. Thosaigh sé ar a hocht a chlog agus bhí sé thart ag meán oíche. Deich euro a bhí ar na ticéid. Ceannófar leabhair do leabharlann nua na scoile leis an airgead a rinneadh ar an oíche. Daltaí bhliain a dó agus bhliain a trí a bhí ann. Ba é DJ Roxie a chur an ceol ar fáil. Bhí sé ar fheabhas.

**Ceist 5.**

**Siobhán:** Dia duit, a Bhriain.

**Brian:** Dia is Muire duit. An bhfuil tú ag dul ar an turas?

**Siobhán:** Níor chuala mise faic faoi thuras.

**Brian:** Nach raibh tú sa rang inné nuair a tháinig an príomhoide isteach ag caint faoin turas scoile go Páras?

**Siobhán:** Ní raibh. Cathain a bheidh an turas ann?

**Brian:** I mí Aibreáin, timpeall na Cásca.

**Siobhán:** Cé mhéad duine a bheas ag dul?

**Brian:** Caoga dalta agus seisear múinteoirí.

**Siobhán:** Agus cad é an costas?

**Brian:** Cosnóidh sé ceithre chéad euro.

**Siobhán:** An bhfuil tusa ag dul?

**Brian:** Tá, cinnte. Agus tusa?

**Siobhán:** Níl a fhios agam. Caithfidh mé ceist a chur ar mo thuismitheoirí anocht.

**Brian:** Ba chóir duit brostú.

**Siobhán:** Cén fáth?

**Brian:** Bhuel, níl spás ann ach do chaoga dalta. Caithfidh tú céad euro a thabhairt isteach roimh dheireadh Mheán Fómhair más mian leat dul.

**Siobhán:** Rachaidh mé abhaile díreach anois agus labhróidh mé le mam.

**Brian:** Tá go maith. Cuir glao orm níos déanaí.

**Siobhán:** Cuirfidh mé. Slán.

**Brian:** Slán leat.

**Ceist 6.**

**Brian:** Ar chuala tú an bhriogáid dóiteáin ag dul suas an tsráid aréir?

**Mairéad:** Chuala, thart ar a naoi a chlog.

**Brian:** Cá raibh sé ag dul, an bhfuil a fhios agat?

**Mairéad:** Bhí teach Uí Néill trí thine.

**Brian:** Go bhfóire Dia orainn. Ar gortaíodh aon duine?

**Mairéad:** Níor gortaíodh, buíochas le Dia. Bhí siad amuigh ag siopadóireacht ag an am.

**Brian:** Agus an ndearnadh mórán damáiste don teach?

**Mairéad:** Níl sé ró-dhona. Chuala duine éigin an t-aláram agus chuir siad fios ar an mbriogáid dóiteáin. Bhí siad ar an láthair taobh istigh de chúpla nóiméad agus mhúch siad an tine.

**Brian:** Conas atá an teach anois?

**Mairéad:** Tá an chistin scriosta agus tá smúit agus uisce i ngach áit.

**Brian:** Bhí an t-ádh leo go raibh aláram dóiteáin acu.

**Mairéad:** Bhí cinnte. Murach sin, bheadh an teach ar fad scriosta.

# Aguisín

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ | **Móriomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

# FREAGRAÍ SAMPLACHA

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | |
| **Nóta**: Ní mór an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. ☞ | |

ROINN I CLUASTUISCINT

| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MARC** | **7** | **5** | **7** | **7** | **7** | **7** |

☞


| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| | CEIST | MARC |
| ROINN II | 1 | **30** |
| | 2 | **40** |
| | 3 | **50** |
| ROINN III | 4 | **25** |
| | 5 | **25** |
| | 6 | **30** |
| | IOMLÁN ☞ | **200** |
| | CLUASTUISCINT ☞ | **40** |
| | **MÓRIOMLÁN** ☞ | **240** |
| | GRÁD ☞ | |

| **ROINN I** | **CLUASTUISCINT** | **(40 marc)** |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an dlúthdhiosca.
Cuir tic **(✓)** leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuil Nóra ina cónaí?










| Baile Átha Cliath | Cill Chainnigh | Port Láirge | Gaillimh |
|---|---|---|---|
| | **X** | | |

**= 4 mharc**

**Ceist 1 (b)** Cad is ainm dá deartháir?

| | |
|---|---|
| Rex | |
| Ronán | **X** |
| Aoife | |

**= 3 mharc**

**Ceist 1 = 7 marc**

**Ceist 2** Cá bhfuil an bhean ag dul?













| Leabharlann | Bialann | Ollmhargadh | Gruagaire |
|---|---|---|---|
| **X** | | | |

**= 5 mharc**

**Ceist 2 = 5mharc**

**Ceist 3 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann maidin amárach?





| | | |
|---|---|---|
| X | | |

**= 4 mharc**


**Ceist 3 (b)** Cén teocht a bheidh ann amárach?

| | |
|---|---|
| 2° Celsius | |
| 10° Celsius | |
| 12° Celsius | X |

**= 3 mharc**

**Ceist 3 = 7 marc**

**Ceist 4 (a)** Cad a bhí ar siúl i halla na scoile.





| | | |
|---|---|---|
| | | X |

**= 4 mharc**

**Ceist 4 (b)** Cé mhéad a bhí ar na ticéid?

| | |
|---|---|
| 10 euro | X |
| 12 euro | |
| 15 euro | |

**= 3 mharc**

**Ceist 4 = 7 marc**

**Thall ➔**

**Ceist 5 (a)** Cá bhfuil an rang ag dul ar thuras scoile?

| | |
|---|---|
| Go Corcaigh | |
| Go Sligeach | |
| Go Páras | **X** |

**= 4 mharc**

**Ceist 5 (b)** Cathain a rachaidh siad?

| | |
|---|---|
| Aibreán | **X** |
| Meán Fómhair | |
| Bealtaine | |

**= 3 mharc**

**Ceist 5 = 7 marc**

**Ceist 6 (a)** Cad a chuala Brian aréir?

| | |
|---|---|
| An bhriogáid dóiteáin | **X** |
| An clog | |
| An madra | |

**= 4 mharc**

**Ceist 6 (b)** Cén seomra sa teach atá scriosta?

| | |
|---|---|
| An seomra suí | |
| An chistin | **X** |
| An seomra folctha | |

**= 3 mharc**


**Ceist 6 = 7 marc**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | (120 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(30 marc)**

**(a)** Chuaigh Seán ag snámh sa linn snámha.
**(b)** Ar díol. Fón póca. €100.
**(c)** Bóthar príobháideach. Cosc ar pháirceáil.
**(d)** Fuair Niall iasc órga mar bhronntanas.
**(e)** Comórtas amhránaíochta ar siúl.
**(f)** Scoil Ghlas - bratach scoile á hardú.




**Bóthar príobháideach. Cosc ar pháirceáil.**

**(5 mharc)**



**Scoil Ghlas - bratach scoile á hardú.**

**(5 mharc)**





**Ar díol. Fón póca. €100.**

**(5 mharc)**



**Fuair Niall iasc órga mar bhronntanas.**

**(5 mharc)**



**Chuaigh Seán ag snámh sa linn snámha.**

**(5 mharc)**



**Comórtas amhránaíochta ar siúl.**

**(5 mharc)**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **30** |
|---|---|

**Thall ➔**

**CEIST 2.** Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

**SIÚL LINN**

# Club Siúil an Droichid

## Port Laoise

## Turas go Gaillimh

**Dé hAoine, 19 Meitheamh 2015**

**SIÚL LINN**

| | |
|---|---|
| 9.00 a.m. | Bualadh le chéile ag an gclub. |
| 9.15 a.m. | Siúl go dtí an stáisiún traenach. |
| 9.30 a.m. | Traein go cathair na Gaillimhe. |
| 11.00 a.m. | Turas bus go dtí Ardeaglais San Nioclás. |
| 11.30 a.m. | Siúlóid staire timpeall chathair na Gaillimhe. |
| 1.30 p.m. | Lón i mbialann Iodálach. |
| 2.00 p.m. | Siopadóireacht sa lárionad siopadóireachta. |
| 4.00 p.m. | Scannán san Omniplex. |
| 6.00 p.m. | Sceallóga agus burgair i mbialann McDonalds. |
| 7.00 p.m. | Traein abhaile go Port Laoise. |

Ticéid €25, ar fáil ó Rúnaí an chlub roimh 30 Bealtaine.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Club Staire an Droichid suite?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | |
| Port Laoise | **X (7 marc)** |
| Gaillimh | |

**2.** Cathain a rachaidh siad ar an turas?

| | |
|---|---|
| 19 Meitheamh | **X (7 marc)** |
| 30 Márta | |
| 25 Bealtaine | |

**3.** Cén t-am a mbeidh an siúlóid staire acu?

| | |
|---|---|
| 11.00 a.m. | |
| 11.30 a.m. | **X (7 marc)** |
| 1.00 p.m. | |

**4.** Cá mbeidh siad ag a ceathair a chlog?

| | |
|---|---|
| San Ardeaglais | |
| San Omniplex | **X (7 marc)** |
| Sa stáisiún traenach | |

**5.** Cé mhéad atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €20.00 | |
| €25.00 | **X (7 marc)** |
| €30.00 | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a dhéanfaidh siad **tar éis** 1.30 p.m. **(3 + 2 mharc)**

**1. Rachaidh siad le lón i mbialann Iodálach.**

**2. Rachaidh siad ag siopadóireacht sa lárionad siopadóireachta/ag Scannán san Omniplex/ Beidh béile acu i McDonalds/Traein abhaile go Port Laoise.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir Iomlán reatha→** | **30 + 40** | = | **70** |

**CEIST 3**. Freagair (**a**) *agus* (**b**). **(50 marc)**

Léigh an **dá** alt nuachta seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

## (a) Ed Sheeran - ceoltóir cáiliúil **(25 marc)**

Rugadh Ed Sheeran ar an 17 Feabhra 1991 i Sasana. Tá ceathrar sa teaghlach, a athair, John, a mháthair, Imogen agus a dheartháir, Matthew. Is as Éirinn do thuismitheoirí a athar. Tugann Ed cuairt ar Éirinn go minic.

Nuair a bhí Ed Sheeran an-óg bhíodh sé ag éisteacht leis an gceol go minic. Thaitin Bob Dylan, Van Morrison, na Beatles agus Eminem go mór leis. Thosaigh sé féin ag canadh i gcór nuair a bhí sé ceithre bliana d'aois. Go gairid ina dhiaidh sin, d'fhoghlaim sé an giotár. Nuair a bhí sé ar an meánscoil, thosaigh sé ag scríobh amhrán.

Scríobh Ed Sheeran amhráin le ceoltóirí cáiliúla eile. Scríobh sé *Everything Has Changed* le Taylor Swift agus *Little Things* le One Direction. Freisin, chuaigh sé ag taisteal agus ag canadh le Taylor Swift ag ceolchoirmeacha ar fud Mheiriceá in 2013.

Tá Ed Sheeran féin cáiliúil ar fud an domhain anois. In 2014 bhí an t-albam *X* ag uimhir a haon i Sasana agus i Meiriceá. Bhreathnaigh breis agus 860 milliún duine air ar an idirlíon. Dhíol Ed Sheeran níos mó ceoil ar iTunes ná aon cheoltóir eile. Beidh trí cheolchoirm aige in Wembley i Londain Shasana agus dhá cheolchoirm i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath, i mí Iúil 2015. Agus beidh gach ceann acu lán go doras.

**Ed Sheeran**

**1.** Cad is ainm do deartháir Ed Sheeran?

**<u>Matthew is ainm do dhearthair Ed Sheeran.</u>** **(15 mharc)**

**2.** Cén aois a bhí ag Ed Sheeran nuair a thosaigh sé ag canadh i gcór?

| | |
|---|---|
| Trí bliana d'aois | |
| Ceithre bliana d'aois | **X** **(5 mharc)** |
| Cúig bliana d'aois | |

**3.** Cén tír ina mbeidh trí cheolchoirm aige in 2015?

| | |
|---|---|
| Sasana | **X** **(5 mharc)** |
| Meiriceá | |
| Éire | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | **70** + **50** | = | **120** |

**(b)** **Máire Treasa Ní Dhubhghaill – Láithreoir TG4** **(25 marc)**

Is as Gaeltacht Chonamara do Mháire Treasa Ní Dhubhghaill. Rugadh Máire Treasa in Indreabhán, Contae na Gaillimhe. Tar éis na hArdteistiméireachta chuaigh sí go Coláiste Mhuire Gan Smál i Luimneach agus bhain sí amach Céim san Oideachas. Oileadh ina múinteoir bunscoile í. Ansin, in 2006, thosaigh sí ag múineadh i nGaelscoil i Sligeach.

An bhliain dár gcionn, 2007, fuair sí post le TG4 mar láithreoir ar Cúla4, clár do dhaoine óga. Ina dhiaidh sin chuir sí cláir eile i láthair do dhéagóirí, *Bogstop*, *Ponc* agus *Wipeout* ina measc.

Cuireann sí an clár spóirt, *Rugbaí Beo*, i láthair anois. Tá suim an-mhór ag Máire Treasa sa rugbaí. Bhí gliondar an domhain uirthi nuair a toghadh don chlár sin í. Bíonn sí le feiceáil ar an taobhlíne ag cur agallaimh ar dhaoine éagsúla agus ag tuairisciú ar na cluichí rugbaí.

Sa bhliain 2014, ceapadh Máire Treasa mar Ambasadóir Sheachtain na Gaeilge. Is breá léi daoine a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt agus gan iad a bheith ró-bhuartha faoi bhotúin a dhéanamh ná faoi rialacha na teanga a shárú. Nach beatha teanga í a labhairt, mar a deirtear.

**Máire Treasa Ní Dhubhghaill**

**1.** Cár rugadh Máire Treasa Ní Dhubhghaill?

**Rugadh Máire Treasa in Indreabhán, Contae na Gaillimhe.** **(15 mharc)**

**2.** Cá raibh sí ag múineadh ar feadh bliana?

| | |
|---|---|
| Indreabhán | |
| Sligeach | **X** **(5 mharc)** |
| Luimneach | |

**3.** Cén bhliain ar ceapadh Máire Treasa mar Ambasadóir Sheachtain na Gaeilge?

| | |
|---|---|
| 2006 | |
| 2007 | |
| 2014 | **X** **(5 mharc)** |


| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | (80 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(25 marc)**

Féach ar an bpictiúr thíos.

# Laethanta Saoire i dTrá Mhór




Tá tú ar laethanta saoire san áit seo le do theaghlach. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**Cárta Poist**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**Leagan Amach:**

**(8 marc)**

- Beannú = 2 mharc
- Síniú = 2 mharc
- Ainm an tseolaí = 2 mharc
- Seoladh = 2 mharc

**ii) Tagairtí: 4** thagairt do théacs an phictiúir **(**2 mharc x 4**)**
**= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide**
**= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge**
**= 5 mharc**

<u>Iomlán do **Cheist 4 = 25 mharc**</u>

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 120 + 25 | = | 145 |
|---|---|---|---|

**Thall ➔**

**CEIST 5.** **(25 marc)**

Léigh an **fógra** seo.

**Ceolchoirm**

***5 Seconds of Summer***

**3Airéine**

**Dé Sathairn**
**20 Meitheamh 2015**

**Ticéid €50 ar fáil ar líne:**
**www.ticketmaster.ie**

Fuair tú cuireadh ó do chara teacht leis/léi go dtí an cheolchoirm seo. Scríobh teachtaireacht ríomhphoist chuige/chuici ag tabhairt **freagra** ar an gcuireadh agus ag rá cé acu a bheidh tú ag dul nó nach mbeidh.
Is tusa **Séamas** *nó* **Siobhán**.

**TEACHTAIREACHT RÍOMHPHOIST**

**An Tasc – Freagra** nó **teachtaireacht ríomhphoist** a scríobh

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Freagra a scríobh:** **= 7 marc**
- Má tá sé soiléir go bhfuil freagra ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn **dais/fleiscín/stríoc**

**ii) An t-Eolas Cuí: 3 thagairt** ag teastáil = **3 mharc x 3** **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

Iomlán do **Cheist 5 = 25 mharc**


| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 145 + 25 | = | 170 |
|---|---|---|---|

**CEIST 6.** Freagair (**a**) *nó* (**b**). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tú ag **Tráth na gCeist Boird**.
Tá tú chun alt gearr a scríobh in Iris na Scoile faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**Tráth na gCeist Boird**




**(a) An Tasc –** Alt a scríobh

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

| | |
|---|---|
| **i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) | **= 20 marc** |
| **ii) Cumas Cumarsáide** | **= 5 mharc** |
| **iii) Cruinneas Gaeilge** | **= 5 mharc** |

Iomlán do **Cheist 6** (**a**) **= 30 marc**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 170 + 30 | = | 200 |
|---|---|---|---|

**Thall ➔**

## *NÓ*

**(b)** Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil sa siopa spóirt seo, ***An Taobhlíne***.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos.



## *An Taobhlíne – Siopa Spóirt*

Foirm Iarratais





Ainm: ______________________________ **= 2 mharc**

Seoladh: ______________________________
______________________________ **2 mharc**

Aois: ______________________________ **= 2 mharc**

Dáta Breithe: ______________________________ **= 2 mharc**

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________ **= 2 mharc**

Cén spórt is fearr leat féin? ______________________________ **= 2 mharc**

Luaigh spórt amháin eile ______________________________ **= 2 mharc**

Ainmnigh an réalta spóirt is fearr leat. ______________________________ **= 2 mharc**

An maith leat bualadh le daoine? ______________________________ **= 2 mharc**

An raibh post páirtaimseartha agat roimhe seo? ______________________________ **= 1 mharc**

An féidir leat ríomhaire a úsáid? ______________________________ **= 1 mharc**


An mbeidh tú sásta a bheith ag obair ar an Domhnach? ______________________________ **= 1 mharc**

Cén lá den tseachtain ba mhaith leat bheith saor? ______________________________ **= 1 mharc**

Conas a thiocfaidh tú go dtí an siopa? ______________________________ **= 1 mharc**

Síniú: ______________________ **= 1 mharc**

Dáta: ______________________ **= 1 mharc**





Tá dhá chuid sa mharcáil anseo:
**i) An t-Eolas Cuí** (9 x 2 mharc) = 18 + (7 x 1 mharc) **= 25 marc**
**ii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

<u>Iomlán do Cheist 6 (b) = **30 marc**</u>